

Polasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Bainistíochta Ghaelscoil na gCeithre Maol leis an bpolasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024*.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar iompraíocht spriocdhírthe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchui nach iompraíocht bhulaíochta í.

Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

	Dáta an Chomhairliúcháin	Modh comhairliúcháin
Foireann na Scoile	Aibreán 2025	Ceistneoir folláine D'fhéachamar ar an bhfíseán agus ar na hábhair ar an suíomh idirlín oide.ie, torthaí na tsuirbhéanna srl. Phléamar na nósanna imeachta chun iompar bulaíochta a chosc agus conas is féidir linn dul i ngleic leis. D'aontaíomar ar straitéisí le cur i bhfeidhm. D'oibríomar ar an bpolasaí le chéile.
Scoláirí	Aibreán 2025	Ceistneoir Grúpa fócais
Tuismitheoirí	May 2025	Ceistneoir folláine Grúpa fócais – coiste na dTuistí
Bord Bainistíochta	May 2025	Pléadh ag cruinniú BB
Pobal na scoile i gcoitinne (tiománaí bus, Foireann iarscoile, TBSP srl.)	28/05/2025	Comhairliúchán de réir mar is gá
An dáta ar faomhadh an polasaí: 28/05/2025		
An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí:		

Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfídh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).
Cultúr & Timpeallacht ● Cultúr scoile dearfach agus cuimsitheach a chruthú. Áit a mothaíonn gach dalta sábháilte, go bhfuil meas agus luach orthu. ● Caidreamh dearfach, measúil a chuir chun cinn ar fud phobal na scoile. Úsáid a bhaint as cleachtas ciorcail sa seomra ranga le cultúr agus timpeallacht dhearfach a thógáil. ● Ceannaireacht éifeachtach. ● Timpeallacht insinte (ná coinnigh leat féin é) a chruthú. Cumarsáid oscailte idir daltaí, baill foirne

agus tuismitheoirí a chrúthú. An cleachtas teagmhais iompraíochta bulaíochta a nochtadh agus a phlé a spreagadh.

- Timpeallacht fhisiciúil shábháilte a sholathar
- Maoirseacht – Cuirtear oiliúint ar gach ball foirne chun iompar bulaíochta a aithint agus conas deileail leis.

Curaclam (Teagasc & Foghlaim)

- Deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ranga agus scoile uile chun féinmheas a ardú.
- Teagasc agus foghlaim in OSPS. Úsáid modheolaíochtaí OSPS. Múin do na daltaí faoin mbulaíocht agus a tionchar.
- Curaclam OCG
- Rannpháirtíocht na ndaltaí (Grúpobair/Comhoibriú, Rólghlacadh, rólghlacadh, Am Ciorcail, Scileanna Smaointeoireachta Criticiúla). Cuirfidh sé seo deiseanna ar fáil do dhaltai a scileanna sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt.
- Ceachtanna ar mheas, comhbhá, cuimsiú agus éagsúlacht a ionchorprú sa churaclam.
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim chun féinmheas dearfach a fhorbairt m.sh. Corpoideachas, Garraíodóireacht, Machnamh • Cód iompair (rialacha ranga) i ngach seomra ranga dréachtaithe leis na páistí.
- Ráiteas um chosaint leanaí
- Beartas úsáide inghlactha
- Beartas OCG
- Beartas RSO
- Folláine FMS san oideachas
- Teachtaireachtaí frithbhulaíochta a chomhtháthú i gcuraclam na scoile.
- Rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí (cainteanna cibearshlándála)
- FGM (Foghlaim Ghairmiúil an Mhúinteora)
- Binse Cairde i gclós na scoile.
- Cairteacha iompraíochta sa seomra ranga de réir mar is gá.
- Acmhainní ar nós “Mind me, Mind You”, Lust for Life, FUSE & rl
- Sosanna rialachán mhothúchánach

Polasaí & Pleanáil

- Beartas frithbhulaíochta soiléir sheasmhach a fhorbairt a gclóíonn gach ball foirne leis.
- Athbhreithnithe agus nuashonrú rialta ar pholasaí a dhéanamh ar bhonn rialta.
- Foireann a oiliúint maidir le conas iompar bulaíochta a aithint agus freagairt dó sna seomraí ranga agus i gclós na scoile.
- Nósanna imeachta soiléire tuairiscithe agus freagartha le bheith i bhfeidhm.
- Cloí go docht leis an bpolasaí úsáide inghlactha.
- I measc na polasaithe a bhaineann le bulaíocht tá Cód Iompraíochta, Ráiteas um Chaomhnú Leanaí, Measúnú Riosca, Maoirseacht ar Dhaltai, Polasaí Úsáide Inghlactha, Tinreamh, Polasaí Cumarsáide, OSPS, OCG, RSO/Polasaí Cuimsithe.
- I measc na gcur chuige chun an dóchúlacht go ndéanfar bulaíocht ar dhaltai le RSO a laghdú tá feabhas a chur ar chuimsiú, ag díriú ar scileanna sóisialta a fhorbairt, aird a thabhairt ar amantaí ábhartha, agus cultúr scoile a chothú, áit ina bhfuil meas ar chách agus cabhrú lena chéile lárnach.

Caidrimh & Comhpháirtíochtaí

- Cumarsáid oscailte a chur chun cinn idir na scoláirí, an fhoireann agus na tuismitheoirí.
- Caidrimh dhearfacha a thógáil le scolairí agus lena dteaghlaigh.
- Tógáil acmhainneacht, meas agus comhbhá i ngach dalta.
- Dul i gcomhairle le heagraíochtaí áitiúla chun cuidiú le tacaíocht agus acmhainní breise.
- Comhoibriú le tuismitheoirí agus le daltaí araon chun iad a chur ar an eolas faoi chontúirtí na cibearbhulaíochta trí aoichainteoirí a éascú e.g. Barnardos.
- Bealaí oscailte cumarsáide a spreagann tuismitheoirí a bheith compordach dul i dteagmháil leis an scoil má cheapann siad go bhfuil bulaíocht á déanamh ar a bpáiste.

Iompar cibearbhulaíocht a chosc:

- Saoránacht dhigiteach a chur chun cinn.
- Curaclam OSPS a chur i bhfeidhm.
- Curaclam Litearthachta sna Meáin Dhigiteacha a chur i bhfeidhm a mhúineann daltaí faoi iompar freagrach ar líne agus saoránacht dhigiteach.
- Polasaí úsáide inghlactha don teicneolaíocht a fhorbairt agus a chur in iúl do chách.
- Déan comhrá rialta le daltaí faoi chaidrimh mheasúla agus chineálta a fhorbairt ar líne.
- Iompar cuí ar líne a lua mar chuid de na caighdeáin iompair sa Chód Iompair.
- Imeachtaí sábháilteachta ar líne a chur chun cinn nó a óstaigh do thuismitheoirí/caomhnóirí atá freagrach as gníomhaíochtaí a bpáistí ar líne a mhaoirsiú. Cuirfidh sé seo in iúl dóibh na contúirtí a bhaineann le cibearbhulaíocht.
- Lá sábháilteachta idirlín a réachtáil chun feasacht a ardú ar iompar cuí ar líne.
- Saincheisteanna na cibearbhulaíocht agus an tábhacht a bhaineann le húsáid shábháilte teicneolaíochta a mhúineadh go soiléir.
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochta na scoláirí sa seomra ranga.

Iompar Homafóbach/Trasfóbach, Ciníoch agus Gnéasach a Chosc

- Timpeallacht fhisiciúil chuimsitheach a chothabháil i.e. taispeántais, postaer.
- Tacaíocht piaraí a spreagadh i.e. meantóireacht.
- Spreag na daltaí chun labhairt amach nuair a fheiceann siad nó nuair a bhí siad faoi réir iompar míchuí.
- Cultúr scoile a chothú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina bhfeiceann daltaí iad féin ina dtimpeallacht scoile.
- Ceardlanna a réachtáil le daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí chun feasacht a ardú ar an mbulaíocht.
- Cinntiú go léiríonn ábhar léitheoireachta agus téacsleabhair na leabharlainne eispéiris cuí saoil na daltaí féin agus daoine fásta ó chúlraí éagsúla náisiúnta, eitneacha agus cultúrtha.
- Cinntiú go mbíonn comhdheiseanna ag gach dalta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile beag beann ar a n-inscne.
- Éagsúlacht ar scoil a cheiliúradh agus an méid a chuireann gach dalta leis an iomlán a aithint.
- Spreag tuismitheoirí chun na luachanna measúla seo a threisiú sa bhaile.
- Eiseamláirí dearfacha a chur chun cinn laistigh de phobal na scoile.

Iompar Bulaíochta Ciníochais a Chosc

- Múin do na daltaí faoi stair agus faoi thionchar an chiníochais.

- Éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn laistigh den seomra ranga.
- Cinntiú go léiríonn ábhair léitheoireachta leabharlainne agus téacsleabhair na heispéiris chuí saoil atá ag páistí agus daoine fásta ó chúlraí éagsúla náisiúnta, eitneacha agus cultúrtha.

Iompraíocht Bhulaíochta Gnéasaíoch a Chosc

- Múineadh do dhaltaí faoin tábhacht a bhaineann le comhionannas inscne.
- Éagsúlacht ar scoil a cheiliúradh agus aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht na ndaltaí uilig.

Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)

Maoirseacht

- Beirt mhúinteoirí agus 2 CRS i láthair le feitheoireacht a dhéanamh ag gach sos (sa chlós & sna seomraí ranga ar laethanta fliucha).

Cuirtear oiliúint ar gach ball foirne chun iompar bulaíochta a aithint agus deileáil leis.

- Beidh na páistí faoi mhaoirseacht sa seomra ranga i gcónaí.
- Beidh beirt bhall foirne ar a laghad in éineacht le páistí ar thurais scoile.
- Ba chóir comhairle a thabhairt do pháistí cá háit ar cheart dóibh a bheith ag súgradh agus iad amuigh sa chlós agus cad iad na háiteanna ar cheart dóibh a sheachaint.
- Déanann múinteoirí machnamh ar pháistí a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint le déanaí agus iad ag eagrú grúpaí le haghaidh obair chomhoibritheach/foirne.
- Maoirseacht ar Chuairoteoirí: Déanfar maoirsiú ar chuairteoirí chun na scoile i gcónaí. Níor chóir dóibh a bheith ina n-aonar le daltaí.

Monatóireacht

- Teagmhais a Thuairisciú: Fiosraíonn an múinteoir ranga gach cás bulaíochta tuairiscithe nó amhrasta chun fíricí a aimsiú agus chun taifid a chomhlánú ar fhoirm tuairisce teagmhais.
- Imscrúdú Teagmhais: Ba chóir gach tuairisc bulaíochta a fhiosrú.

Ba chóir go gcuimseodh an t-imscrúdú comhrá leis an bpáiste a deireann go bhfuil bulaíocht á dhéanamh air/uirthi, leis an páiste atá cúisithe agus le páistí eile a bhí ann.

- Obair leantach: Ba chóir don scoil beart cuí a dhéanamh.

Trí na polasaithe seo a chur i bhfeidhm, is féidir le Gaelscoil na gCeithre Maol timpeallacht dhearfach shábháilte a chruthú do gach dalta.

Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

- A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.
- Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá go híogair.
- Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.
- Éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- A ghníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

1. A Chinntiú Ar Tharla Iompar Bulaíocht

- **Tuairisc Tosaigh:** Tuairiscíonn dalta, tuismitheoir nó ball foirne eachtra nó inní.
- **Bailiú Faisnéise:** Bailíonn an scoil mionchuntais ó gach páirtí
- **Iompar a Mheas:** Déantar an t-iompar a mheas i gcoinne shainmhíniú na scoile ar an mbulaíocht
- **Doiciméadú:** Tá gach teagmhas agus toradh doiciméadaithe go soiléir.
- **Cinnteoireacht:** Déanann baill foirne ainmnithe cinneadh bunaithe ar an fhianaise a bhailítear.

2. Cur Chuige chun Aghaidh a thabhairt ar Iompar Bulaíocht

- **Tacaíocht d'Íospartaigh:**
 - o Seisiúin chomhairleoireachta nó tacaíochta.
 - o Pleanáil sábháilteachta (m.sh., córais chairde, maoirseacht).
 - o Seiceáil isteach go rialta le duine fásta iontaofa.
- **Idirghabháil leis an mBulaí:**
 - o Cleachtais aisiríocha (m.sh., idirghabháil nó comhráite éascaithe).
 - o Iarmhairtí ag teacht le polasaí iompair na scoile.
 - o Oideachas faoi comhbhá, meas, agus tionchar gníomhartha ar daoine eile.
 - o Monatóireacht agus tacaíocht chun athrú iompair a spreagadh agus a eascú.
- **Teagmháil a dhéanamh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí:**
 - o Teaghlaigh an dá pháirtí a chur ar an eolas faoin eachtra agus faoi na gníomhaíochtaí a ghlacadh (i gcomhréir le treoirlínte RGCS - rialacháin ghinearálta um chosaint sonraíGDPR)
 - o Comhoibriú chun tacú le na daltaí sa bhaile agus ar scoil.

3. Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn

- **Monatóireacht Leanúnach:**
 - o Breathnóireacht leanúnach ar idirghníomhaíochtaí idir na scoláirí.
 - o Leanúintí sceidealta leis an íospartach agus leis an mbulaí.
- **Bailiúchán Aiseolais:**
 - o Aiseolas a lorg ó dhaltaí, ó tuismitheoirí agus ó mhúinteoirí le measúnú a dhéanamh ar tháinig feabhas ar an scéal.
- **Doiciméadú agus Coigeartú:**
 - o Faifid a choinneáil ar gach gníomh leantach.
 - o Straitéisí a choigeartú má leanann an bhulaíocht ar aghaidh nó má thagann

ceisteanna nua chun cinn.

- **Tacaíocht Fadtéarmach:**

- o Tacaíocht fhadtéarmach a sholáthar dóibh siúd a mbaineann sé leo chun muinín agus caidrimh a atógáil.

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

1. Tacaíocht do dhaltaí a Bhaineann Bulaíocht

- **Tacaíocht Mhothúchánach**

- o Rochtain a sholáthar do dhuine fásta iontaofa.
- o Seirbhísí comhairleoireachta nó tacaíochta folláine a thairiscint.

- **Pleanáil Sábháilteachta:**

- o Straitéisí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mothaíonn an dalta sábháilte ar scoil.

- **Cumhachtú agus Muinín a Fhorbairt:**

- o Scileanna teanntásachta agus acmhainneacht a mhúineadh trí chlár spriocdhírthe nó trí mheantóireacht.
- o Bíodh an dalta páirteach i gcinntí faoin mbealach ina bhfreagraíonn an scoil.

- **Seiceáil Isteach Rialta:**

- o Iarchúraim rialta san áireamh chun monatóireacht a dhéanamh ar fholláine agus a chinntiú go bhfuil an cheist réitithe.

2. Tacaíocht do Dhaltaí a Fheiceann Bulaíocht

- **Oideachas agus Feasacht:**

- o Spreag tuiscint ar ról an fhéachadóir agus conas gníomhú go freagrach.
- o Múin do na daltaí conas teagmhais a thuairisciú go sábháilte agus gan ainm más gá.

- **Cumhachtú:**

- Páistí a dhéanann gníomh dearfach chun tacú lena bpiaraí a aithint agus a dhearbhu.
- Deiseanna a sholáthar chun dul i mbun piar-thacaíochta nó tionscnaimh fhrithbhulaíochta.

- **Bealaí Tuairiscithe Sábháilte:**

- Cinntigh go bhfuil a fhios ag na daltaí conas agus cén áit le tuairisc a

thabhairt ar bhulaíocht, agus cinntigh go dtuigfidh siad go dtógfar dáiríre iad.

3. Tacaíocht do Daltaí a bhfuil Iompar Bulaíochta á Thaispeáint acu

- **An tIompar a Thuiscint:**
 - Déan iniúchadh ar na fáthanna taobh thiar den iompar trí thacaíocht thréadach nó chomhairleoireachta.
 - Tabhair an dalta i gcomhráite aisiríoch chun tionchar a ghníomhartha a thuiscint.
- **Idirghabhálacha Iompraíochta:**
 - Pleananna feabhsaithe iompraíochta nó cleachtaí machnamhacha a chur i bhfeidhm.
 - Ionchais soiléire a shocrú agus iarmhairtí comhsheasmhacha a sholáthar a seasann le cód iompair na scoile.
- **Scileanna Malartacha a Mhúineadh:**
 - Deiseanna foghlama sóisialta-mhothúchánach a sholáthar chun comhbhá, réiteach coimhlint agus cumarsáid dhearfach a fhorbairt
- **Rannpháirtíocht Tuismitheoirí:**
 - Teaghlaigh a spreagadh le teachtaireacht chomhsheasmhach a chruthú agus tacú le hathrú iompair sa bhaile agus ar scoil

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú. Más ábhar inní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*.

Mír D: Maoirseacht:

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Sínithe: _____ Dáta: _____
(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Sínithe: _____ Dáta: _____
(Príomhoide)

Aguisín 1 – Tuairisc faoin imscrúdú ar iompar bulaíochta

1. Ainm dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa

Ainm an Dalta: _____ Rang: _____

2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

3. Ainm an duine a thuairiscigh

4. An áit ar tharla an eachtra/na heachtraí

5. Cur síos ar an tuairisc nó imní agus an cineál bulaíochta atá i gceist

6. Más bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

Homafóbach	Míchumas/ R.S.O.	Ciníoch	Lucht Siúil	Eile (sonraigh)

7. Cur síos ar aon chomhrá a bhí ann leo siúd atá bainteach leis

8. Cur síos ar na gníomhartha a glacadh

Sínithe _____ (Múinteoir Ábhartha) Dáta _____

Sínithe _____ (Príomhoide) Dáta _____

Aguisín 2 – Tuairisc chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa

Ainm an Dalta _____ Rang _____

2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

3. Foinse na tuairisce is ábhar buartha/imní (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))

An dalta i gceist	
Dalta eile	
Tuismitheoir	
Múinteoir	
Eile	

4. An áit ar tharla an eachtra/na heachtraí (ticeáil an bosca/na boscaí

ceart(a))* Clós

Seomra ranga	
Dorchla/pasáiste	
Leithris	
Bus	
Scoile	
Eile	

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar inní bulaíochta

6. Cineál an iompair bhulaíochta (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

Ionsaitheacht Fhisiciúil		Cibearbhulaíocht	
Dochar do mhaoin		Imeaglú	
Aonrú/Eisiamh		Cúlchaint mhailíseach	
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine:		Eile (tabhair do thuairim)	

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

Homafóbach	Míchumas/bainteach le riachtanais speisialta oideachais	Ciníoch	Ballraíocht den Lucht Siúil	Eile (sonraigh)

8. Cur síos ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar áirithe

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

Sínithe _____ (Múinteoir Ábhartha) Dáta

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide

Sínithe _____ (Príomhoide) Dáta